

# COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

## Bord Bainistíochta

Cruinniú – Dé Céadaoin 30ú de Bhealtaine  
2018 3:15-5:00 i.n.

### **Miontuairiscí Aontaithe - na** **Tuismitheoirí agus** **Caomhnóirí / Múinteoirí**

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an gCéadaoin an 30ú de Bhealtaine ag 3.15 i.n.

**I láthair**, bhí Tomás Ó Coistealbha, Cormac Ó Confhaola, Máire Ní Chathasaigh, Seán Ó Cionnaigh, Pádraig Ó Céarnaigh, Marion Uí Chatháin, Caroline Seoighe agus Gearóidín Ní Chonghaile (Rúnaí/Príomhoide).

**Leithscéal** ó Seán Ó Tuairisg

#### **1. Fáilte**

Cuireadh fáilte roimh na baill chuig an gcruinniú.

Moladh P. Ó Céarnaigh mar Cathaoirleach Sealadach agus Seán Ó Tuairisg as láthair ón gcruinniú. Thug T. Ó Coistealbha an moladh do cheapadh sealadach P. Ó Céarnaigh mar cathaoirleach sealadach ar an gcruinniú le tacaíocht ó C. Ó Confhaola.

#### **2. Miontuairiscí**

Mhol T. Ó Coistealbha le cuidiú ó P. Ó Céarnaigh go nglacfaí leis na miontuairiscí, a scaipeadh roimh ré.

#### **3. Ag éirí as na Miontuairiscí**

Ní raibh aon cheo ag éirí astu.

#### **4. Comhfhreagras**

Rinne an Príomhoide cursíos ar an gcomhfhreagras chuig an bord.

#### **5. Tuairisc ón Rúnaí**

##### **a. Teagasc agus Foghlaim**

Bliain 1: Cluiche Péile i gcuimhne Micheál Ó Loideán (Bl 1 & 2), Ceardlann ar an Sean Nós le Gearóid Ó Dubhainn, Trath na gCeist Bord don scoil uile, Lá na Fraincise ag an scoil ar fad, Vacsain na chéad Bliana, Turas Scoile Bl1 & 2, Lá le na daltaí nua, Lá Spóirt leis an scoile uile.

Bliain 2: Scrúdú Béarla, Gnó agus Eolaíochta faoi churam a gcuid múinteoirí mar chuid den TS nua.

Bliain 3: Scrúdu Praicticiúil Eacnamaíocht bhaile, Crúinniú le tuismitheoir faoi roghanna don ullmhucháin don Ardteist, Scrúdú Béarla, Scrúdú Ealaíne,

Bliain 5: Macbeth, Turas Scoile

Bliain 6: Scrúdú Béal san Fraincís, Scrúdú Béal san Ghaeilge, Gradam GRETB sa Ostán Raheen Woods, Scrúdú Nasc, Scrúdú Eolaíocht Talmhaíochta, Scrúdú Foirgníochta, Lá Spioradálta, Searmanas Grádú, Siúlóid Pieta (Scoil ar fad)

##### **b. Forbairt Gairmiúil**

Rinne an Príomhoide cursíos ar na cúrsaí gairmiúla go raibh an foireann páirteach iontu ó Mhárta 2018.

##### **c. Fás agus Forbairt**

93 dalta sa scoil, seisear ag teacht sa chéad bhliain.

##### **d. Infreastruchtúr agus struchtúr**

Rinne an Príomhoide cursíos ar caiteachas agus athchóiriú sa scoil.

##### **e. Comhphartíocht agus Nascanna**

Bhí an Príomhoide i teanghmháil le CAMHS, NEPS agus SENO

##### **f. Comhfhreagras**

An Post School Services i rith na Laethanta Saoire, Comhairle Múinteoireacht – Corás Droichead, Córas inducthú do Mhúinteoirí, a lán comhfhreagras ón Coimisiún na Scrúduithe Stáit, an GRETB

#### **6. Tuairisc Ó Choiste na dTuistí**

Labhair ionadaithe ó Choiste na dTuistí faoi bhuaire tuismitheoirí i dtaobh na Gaeilge. D'aontaigh gach ball gur dúshlán í an Ghaeilge.

#### **7. Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**

Thug an Príomhoide le fios nach raibh aon ábhair le tuairisciú

## 8. Tuairisc ar Chúrsaí Iompraíochta

Mhol an Príomhoide iompar na scoláirí agus thug sí le fios nach raibh aon ábhair le tuairisciú

## 9. Aon Rud Eile

Mhol T. Ó Coistealbha na cigireachtaí a chur ar an eolas nach mbeadh bhall den Bhord ar fáil chun aiseolais a thabhairt ar an Tuairisc MSU i rith laethanta saoire an tSamhradh.

Chuir P. Ó Céarnaigh críoch leis an gcuinniú agus ghuí chuile beannacht ar phobail na scoile agus ar an bhfoireann as ucht a ndúthracht agus a ndíograis.

Ar son na scoile agus foireann na scoile, ghabh G. Ní Chonghaile buíochas as a gcuidiú agus tacaíocht.

Ós rud é nach raibh aon ghnó eile, tháinig deireadh leis an gcuinniú.

Sínithe: Tomás Toirdealla

Dáta: 17/10/2018

**Cathaoirleach**